**FAISNÉIS RÚNAICMITHE FAOI RÉIR LÁNCHOISC: LÍONRA AN AONTAIS UM CHALAOIS BHIA ÚSÁID SHRIANTA**

# CEISTEANNA AGUS FREAGRAÍ

## Ceisteanna agus freagraí maidir le truaillmheascadh Meala.


Céard atá i gceist le gníomhaíocht chomhordaithe AE? ........ 2

An ndéantar mil a rialáil san Aontas faoi láthair? ........ 2

Céard iad na rialacha maidir le hábhar siúcra i mil? ........ 2

Cén fáth ar roghnaíodh mil le haghaidh ghníomhaíocht chomhordaithe AE? ........ 3

Cad iad na cleachtais chalaoiseacha is coitianta i ndáil le mil? ........ 3

Cad iad na fachtóirí a spreagann calaois i ndáil le mil? ........ 3

Cad iad na torthaí díreacha agus indíreacha de thruaillmheasctha meala le siúcraí? ........ 4

An dtruaillítear mil sa chás go mbeathaítear beacha le síoróipí siúcra? ........ 4

Cérbh iad cuspóirí ghníomhaíocht chomhordaithe AE ‘Ó na Coirceoga’? ........ 4

Cérbh iad na gníomhaithe agus na róil atá acu i ngníomhaíocht chomhordaithe AE ‘Ó na Coirceoga’? ........ 5

Cén mhodheolaíocht samplála a úsáideadh don phlean rialaithe? ........ 5

Cén modhanna anailíseacha agus sásraí cinnidh a cuireadh i bhfeidhm chun samplaí amhrasacha meala a shainaithint? ........ 6

Cad a léirítear sna na torthaí ó chéim na samplála? ........ 6

An bhfuil na torthaí ar ghníomhaíocht chomhordaithe AE ionadaíoch ar mhargadh meala an Aontais? ........ 6

Cad iad príomhchonclúidí chéim na samplála? ........ 7

Cad a léirítear leis na torthaí ó chéim an imscrúdaithe? ........ 7

Cad iad príomhchonclúidí chéim an imscrúdaithe? ........ 7

Cén chaoi a ndéantar imscrúduithe OLAF? ........ 8

Cén creat dlíthiúil a rialaíonn idirghabháil OLAF i nGníomhaíocht Chomhordaithe AE? ........ 8

Cén chaoi a mbailíonn OLAF fianaise dhigiteach? ........ 8

Cérbh iad na torthaí ar imscrúdú OLAF? ........ 9

Cén gníomh a ghlacfaidh an Coimisiún chun a áirithiú nach ndéanfar mil a thruaillmheascadh le siúcra? ........ 9

Cén chaoi a ndéanfaidh an Coimisiún teagmháil le húdaráis inniúla i dtríú tíortha? ........ 10

## Céard atá i gceist le gníomhaíocht chomhordaithe AE?

Féadann seirbhísí an Choimisiúin - arna iarraidh sin do thír amháin nó níos mó de chuid an Aontais nó ar a thionscnamh féin - gníomhaíochtaí a chomhordú ar leibhéal an Aontais. Tarlaíonn sin sa chás go bhfuil oibreoirí i roinnt Ballstát páirteach i scéim a d'fhéadfadh a bheith calaoiseach agus sa chás go mbaineann riosca sláinte nó riosca suntasach socheacnamaíoch leis an amhras. Leis na critéir chinnidh maidir leis an gcomhordú sin ar leibhéal AE cuirtear san áireamh tromchúis na rioscaí sin, iontaofacht na faisnéise atá ar fáil agus a cosúlacht le heachtraí a tharla roimhe. Sa chás go mbaineann an t-amhras le táirgí allmhairithe, déanann an Coimisiún idirchaidreamh le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus iarrann faisnéis agus imscrúduithe spriocdhírithe.

## An ndéantar mil a rialáil san Aontas faoi láthair?

Táirge nádúrtha atá i mil a leagtar luach uirthi ó ré ársa na staire mar gheall ar a cuid airíonna milsithe. Is é is aidhm do reachtaíocht an Aontais íonacht na meala mar tháirge talmhaíochta neamhphróiseáilte agus amh a chaomhnú, agus modhnuithe ar a comhdhéanamh ceimiceach a eisiamh.

I dTreoir 2001/110/CE ón gComhairle, Iarscríbhinn 1, pointe 1, sainmhínítear í mar: *'the natural sweet substance produced by Apis mellifera bees from the nectar of plants or from secretions of living parts of plants or excretions of plant-sucking insects on the living parts of plant, which the bees collect, transform by combining with specific substances of their own, deposit, dehydrate, store and leave in honeycombs to ripen and mature.'[an tsubstaint mhilis nádúrtha a tháirgeann beachaApis mellifera ó neachtar plandaí nó ó thál codanna beo de phlandaí nó ó eisfhearadh feithidí súphlandacha ar na codanna beo de phlandaí, a bhailíonn na beacha, agus a athraíonn siad trína substaintí sonracha féin a chur leis, trí é a fhosú, a dhíhiodráitiú a stóráil agus a fhágáil i gcriathair mheala le go n-éireodh sé aibí].*

Leagtar amach leis an Treoir freisin na critéir chomhdhéanaimh (lena caitheamh ag an duine) agus na ceanglais lipéadaithe lena mbaineann. Ní mór na ceanglais sin a chomhlíonadh sula bhféadfar mil a chur ar an margadh san Aontas.

## Céard iad na rialacha maidir le hábhar siúcra i mil?

Tá siúcraí nádúrtha ar cheann de na príomh-chomhábhair i mil agus féadann méideanna éagsúla a bheith inti ag brath ar an bhfoinse luibheolaíoch. Le Treoir 2001/110/CE ón gComhairle maidir le mil bunaítear dhá cheanglas maidir leis an méid siúcra:

1. ní bheidh suim an ábhar fruchtóis agus glúcóis níos lú ná 60g/100g le haghaidh mil bhláthanna ná níos lú ná 45g/100g le haghaidh mil drúcht meala agus meascáin ghaolmhara;
2. ní sháróidh an méid siúcróis 5g/100g. Socraíodh teorainneacha níos airde, áfach, le haghaidh roinnt foinsí luibheolaíocha sonracha amhail féithleann na Fraince, eoclaip agus labhandar.

## Cén fáth ar roghnaíodh mil le haghaidh ghníomhaíocht chomhordaithe AE?

Tá imní curtha in iúl arís is arís eile ag eagraíochtaí táirgeoirí agus comhlachais um chosaint tomhaltóirí faoi thruaillmheascadh meala a d’fhéadfadh a bheith ann.Tacaíodh leis an imní sin le torthaí an chéad Phlean Rialaithe Comhordaithe a eagraíodh in 2015-17 inar léiríodh nár chomhlíon 14 % ar a laghad de na samplaí a seiceáladh na tagarmharcanna íonachta (nasc: https://food.ec.europa.eu/safety/agri-food-fraud/eu-coordinated-actions/coordinated-control-plans/honey-2015-17_en) agus le roinnt fógraí sa Líonra Foláirimh agus Comhair, líonra a éascaíonn malartú faisnéise riaracháin agus an comhar idir na Ballstáit maidir le rialuithe oifigiúla sa slabhra agraibhia. (nasc: https://food.ec.europa.eu/safety/agri-food-fraud/administrative-assistance-and-cooperation-system_en).

## Cad iad na cleachtais chalaoiseacha is coitianta i ndáil le mil?

An tsubstaint nádúrtha a tháirgeann beacha meala atá i mil. Ní mór nach gcuirfí aon chomhábhar leis (e.g. siúcra, breiseáin bhia, blastáin, etc.).

Is féidir mil a thruaillmheascadh le substaintí éagsúla amhail siúcra nó uisce, ach is é siúcra is coitianta a úsáidtear chun í a thruaillmheascadh. Úsáidtear síoróipí siúcra ar chostas íseal chun níos toirt na meala a mhéadú agus saincheist chasta fós í a mbrath éifeachtach fiú agus modhanna sofaisticiúla anailíse á n-úsáid. Tá dearbhú na foinse luibheolaíche nó saintréithe eile faoi réir cleachtas calaoiseach freisin atá ceaptha chun dearcadh an tomhaltóra ar cháilíocht agus luach na meala a athrú. Féadtar mil a tháirgtear i limistéar geografach áirithe agus modhanna táirgthe sainithe á n-urramú a dhíol mar tháirge ar ardchaighdeán a ngabhann saintréithe speisialta leis (STFC, Tionscnamh Geografach faoi Chosaint nó TGFC, Tásc Geografach faoi Chosaint). Ós rud é go n-íoctar praghas níos airde as mil STFC/TGFC, is spriocanna tarraingteacha iad chun tionscnamh gnáthmheala a dhearbhú go mícheart chun brabúis a mhéadú. D’fhéadfadh go ndéanfaí an dearbhú ar an tionscnamh geografach a fhalsú freisin chun dul timpeall ar rialacha maidir le taraifí. Déantar cleachtais chalaoiseacha eile i ndáil le comhdhéanamh nó lipéadú freisin, mar shampla, d’fhéadfadh go gcuirfí an t-ainm ‘mil’ go neamhdhleathach freisin ar tháirge atá déanta suas i bpáirt nó go hiomlán de tháirge ar chaighdeán níos ísle amhail “mil bháicéara”.

## Cad iad na fachtóirí a spreagann calaois i ndáil le mil?

Tá éileamh láidir ag tomhaltóirí ar mhilseoirí nádúrtha agus mar thoradh air sin tá praghsanna meala ar fud an domhain chomh hard is a bhí le roinnt blianta anuas. San Aontas, sáraíonn an t-éileamh ar mhil tomhaltas intíre agus déantar méid suntasach de mhil a allmhairiú. Bíonn a praghas margaidh an-éagsúil ag brath ar ghnéithe den cháilíocht nach féidir a fheiceáil nó a thomhas i gcónaí ach trí anailís chríochnúil a dhéanamh; mar gheall air sin tá deiseanna ann cleachtais mhíthreoracha a chur i gcrích atá ceaptha chun gnóthachain eacnamaíocha nó airgeadais a mhéadú go míchuí. Mar gheall ar an difríocht sa phraghas idir mil bharántúil agus síoróipí siúcra agus an deacracht a bhaineann le síneadh meala le síoróipí a bhrath, tá deiseanna tarraingteacha don chalaois ann le haghaidh oibreoirí gnó mímhacánta.

## Cad iad na torthaí díreacha agus indíreacha de thruaillmheasctha meala le siúcraí?

Cé go meastar nach mbaineann ach baol an-íseal do shláinte tomhaltóirí (bunaithe ar an toimhde go bhfuil síoróipí siúcra oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine) leis, déanann truaillmheascadh meala le siúcraí dochar do mhuinín tomhaltóirí as biashlabhra an Aontais agus cruthaítear dúshlán leis d'oibreoirí agus do chlú na meala.

Ba ionann meánluach aonaid an Aontais le haghaidh meala allmhairithe 2.17€ in aghaidh an chileagraim (gan mil as an Nua-Shéalainn san áireamh) in 2021 cé go mbíonn síoróipí siúcra a dhéantar as rís ar fáil ag thart ar 0.40 – 0.60€ in aghaidh an chileagraim. Tugtar buntáiste éagórach do chalaoiseoirí nuair a dhéantar mil a chaolú le síoróipí siúcra. Agus aghaidh á tabhairt acu ar roghanna malartacha ar phraghsanna níos airde agus iomaíocht a d'fhéadfadh a bheith éagórach óna gcuid iomaitheoirí, d'fhéadfadh go mbeadh drogall ar bheachairí gairmiúla san Aontas coinneáil leis an mbeachaireacht, agus d'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach aige sin faoi seach ar an méid meala a tháirgtear san Aontas.

## An dtruaillítear mil sa chás go mbeathaítear beacha le síoróipí siúcra?

D'fhéadfadh gá a bheith le beacha a bheathú le síoróipí siúcra le linn tréimhsí áirithe den bhliain. Is minic a tharlaíonn sin ag an am céanna le baint meala den choirceog, chun a chinntiú go mbíonn neart bia ag na beacha chun ocras a chosc le linn an gheimhridh. Is tábhacht an fotha bia atá fágtha sna cíora a scaradh ón gcéad mhil eile a bhaintear le margú, mura ndéantar sin truailleoidh an fotha beiche an mhil agus ní chomhlíonfaidh an táirge eastósctha Treoir an Aontais maidir le Mil.

Dá ndéanfaí beacha a fhothú le síoróipí siúcra le linn phríomhthréimhse an tsreafa neachtair, bheadh an méid sin ar neamhréir leis an sainmhíniú dlíthiúil ar mhil. De réir an tsainmhínithe sin, ní mór mil a tháirgeadh ó neachtar plandaí ('mil bhláthanna' nó 'mil neachtair') nó ó thál codanna beo de phlandaí nó ó eisfhearadh feithidí súphlandacha ar na codanna beo de phlandaí ('mil drúchtín meala').

## Cérbh iad cuspóirí ghníomhaíocht chomhordaithe AE 'Ó na Coirceoga'?

Bhí an ghníomhaíocht dírithe ar fhaisnéis a bhailiú maidir le ráta tarlaithe allmhairiú na meala neamhchomhréirí isteach san Aontas trí mheán na samplála agus na hanailíse. Sna hanailísí níor díríodh ach ar mhil a raibh amhras ann go raibh síoróip/síoróipí siúcra breise inti a bhrath. Cuireadh an ghníomhaíocht chomhordaithe i gcrích i dtrí chéim:

- samplaí meala a bhailiú ag teorainneacha an Aontais,
- athbhailiú faisnéise faoi inrianaitheacht; agus
- imscrúduithe san Aontas ag áit an allmhairithe, na próiseála, an mheasctha, agus na pacála.

## Cérbh iad na gníomhaithe agus na róil atá acu i ngníomhaíocht chomhordaithe AE 'Ó na Coirceoga'?

Ba í an Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Shábháilteacht Bhia sa Choimisiún Eorpach a thionscain agus a chomhordaigh an ghníomhaíocht.

Thairg sé Bhallstát déag (An Bheilg, an Bhulgáir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Liotuáin, an Pholainn, an Rómáin, an Spáinn, an tSualainn, an Iorua agus an Eilvéis) tabhairt faoi chéim na samplála tosaigh. Freisin bhí orthu ceann scríbe na gcoinsíneachtaí rialaithe a bhunú sula ndéanfaí imscrúduithe breise a mheas. Bhain na himscrúduithe breise le gach Ballstát agus Stát CSTE[1] cinn scríbe a fuair coinsíneachtaí amhrasacha. Rinneadh na himscrúduithe sin sna háiteanna allmhairithe, próiseála, measctha agus pacála.

Fuair údaráis na mBallstát agus Stáit CSTE:

- cúnamh anailíseach ón Ionad Eolais um Chalaois Bhia agus Cháilíocht Bhia, arna oibriú ag an JRC (nasc: https://knowledge4policy.ec.europa.eu/food-fraud-quality_en);
- tacaíocht faisnéise ón Ard-Stiúrthóireacht um Shláinte agus Shábháilteacht Bhia sa Choimisiún Eorpach chun faisnéis a athbhailiú ó na honnmhaireoirí agus na hallmhaireoirí araon (oibríochtaí allmhairithe roimhe sin cláraithe sa chóras TRACES[2], neamhchomhlíontachtaí agus amhras faoi chalaois bhia cláraithe cheana sa Líonra Foláirimh agus Comhair); agus
- tacaíocht faisnéise agus imscrúdaithe ón Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) nuair a iarrtar sin (nasc: https://anti-fraud.ec.europa.eu/index_en).

## Cén mhodheolaíocht samplála a úsáideadh don phlean rialaithe?

Rinne údaráis na mBallstát agus Stáit CSTE sampláil meala ag poist rialaithe teorann (PRTanna) idir Samhain 2021 agus Feabhra 2022. Sa chás go raibh níos mó ná lota táirgthe i gceist le coinsíneacht meala a cuireadh faoi rialuithe allmhairiúcháin, ní dhearnadh sampláil ach ar lota amháin. Ba ghá slánchodanna éagsúla a thógáil ó lota chun sampla comhiomlán a dhéanamh, agus ba ghá an sampla sin a sheoladh chuig JRC le hanailís a dhéanamh air.

Tógadh 320 sampla san iomlán agus tromlach na samplaí sin tagtha ón tSín (89), ón Úcráin (74), ón Airgintín (34), ó Mheicsiceo (22), ón mBrasaíl (18), agus ón Tuirc (15). Dearbhaíodh an chuid is mó díobh mar mhil 'ilbhláthach' (77 %) nó 'aonbhláthach' (11 %); mil de thionscnamh luibheolaíoch anaithnid a bhí sa chuid eile.

---

[1] CSTE - Comhlachas Saorthrádála na hEorpa (i.e. an Íoslainn, Lichtinstéin, an Iorua agus an Eilvéis).
[2] TRACES – An Córas um Rialú Trádála agus um Shaineolaithe (https://food.ec.europa.eu/animals/traces_en#about-traces).

## Cén modhanna anailíseacha agus sásraí cinnidh a cuireadh i bhfeidhm chun samplaí amhrasacha meala a shainaithint?

Ós rud é gurb é siúcra an príomh-chomhábhar i mil, d'fhéadfadh sé a bheith deacair méid aon truaillmheasctha le siúcraí breise a chinneadh. Tá sé thar a bheith dúshlánach freisin idirdhealú a dhéanamh idir siúcraí atá ann go nádúrtha agus iad siúd a cuireadh leis ós rud é go bhféadann airíonna fisiceacha agus ceimiceacha atá an-chosúil lena chéile a bheith sa táirge truaillmheasctha.

D'úsáid an JRC modhanna éagsúla i dteannta a chéile chun mil a raibh amhras ann go raibh síoróip/síoróipí siúcra breise inti a bhrath. Baineadh úsáid as na modhanna is sofaisticiúla atá ar fáil faoi láthair. Tá córas cáilíochta JRC deimhnithe de réir ISO 9001 agus tá gníomhaíochtaí tástála áirithe de chuid JRC Geel creidiúnaithe de réir ISO 17025:2017 chomh maith. Tá na modhanna anailíse a úsáideadh chun na sonraí a thuairiscítear a ghiniúint lasmuigh de raon feidhme an chreidiúnúcháin, áfach. Ba ghá an méid sin a chur san áireamh agus gníomhaíocht rialála á tionscain ag údaráis na mBallstát.

## Cad a léirítear sna na torthaí ó chéim na samplála?

As na 320 sampla a fuarthas, bhí amhras ann go raibh 147 sampla (46 %) neamh-chomhlíontach le forálacha Threoir 2001/110/CE an Aontais maidir le Mil toisc gur braitheadh táscaire amháin ar a laghad ar fhoinsí coimhthíocha siúcra. Leis na teicnící a úsáideadh cuireadh faisnéis chainníochtúil (láithreacht/éagmais táscairí) ar fáil, agus, dá bhrí sin, níorbh fhéidir an leibhéal de shiúcra a cuireadh leis an mil a mheas.

Ba as an tSín a tháinig an dearbhlíon ab airde de choinsíneachtaí amhrasacha (66 as 89, 74 %), cé gur bhain an cion coibhneasta ab airde de shamplaí amhrasacha le mil de thionscnamh na Tuirce (14 as 15, 93 %). Bhí ráta amhrais níos airde fós ag gabháil le mil arna hallmhairiú ón Ríocht Aontaithe (10 as 10, 100 %). Tugann an fhaisnéis atá ar fáil maidir le hinrianaitheacht le fios, áfach, go bhféadfadh gur tharla sé sin mar thoradh ar an mil a bheith próiseáilte i dtíortha eile agus tuilleadh próiseála déanta uirthi sa Ríocht Aontaithe sula ndearnadh í a onnmhairiú arís chuig an Aontas.

## An bhfuil na torthaí ar ghníomhaíocht chomhordaithe AE ionadaíoch ar mhargadh meala an Aontais?

Ní rabhthas ag súil riamh go mbeadh na torthaí ionadaíoch ar mhargadh meala an Aontais ach seachas sin go dtabharfaí barúil leo maidir le méid agus nádúr an truaillmheasctha ar mhil allmhairithe le síoróipí siúcra. Tógadh samplaí go randamach. Shroich minicíocht na samplála a rinneadh le linn na hoibríochta 15 % de na coinsíneachtaí a cuireadh faoi rialuithe teorann le linn an fheachtas samplála agus dá bhrí sin bhí an tsampláil ionadaíoch ar bhealach ar na sreafaí trádála.

Cé go ndearnadh tástáil ar líon áirithe coinsíneachtaí meala a allmhairíodh isteach sa mhargadh inmheánach, léiríonn na torthaí a fuarthas an staid le linn thréimhse na samplála agus ní dhéanfar iad a ghinearálú ná a eachtarshuíomh le haghaidh staideanna eile.

Rinneadh 123 onnmhaireoir san iomlán a rialú, agus astu siúd marcáladh 70 go raibh coinsíneachtaí meala onnmhairithe acu a raibh amhras ann gur truaillmheascadh le siúcraí coimhthíocha iad. As 95 allmhaireoir a ndearnadh sampláil orthu, bhí imní ar dhá-thrian díobh (63 onnmhaireoir) faoi allmhairiú coinsíneachta meala amháin ar a laghad a raibh amhras ann gur truaillmheascadh le siúcraí í.

### Cad iad príomhchonclúidí chéim na samplála?

Le gníomhaíocht chomhordaithe AE deimhníodh an toimhde go bhfuil amhras ann nach gcomhlíonann cuid den mhil arna hallmhairiú isteach sa mhargadh inmheánach forálacha Threoir 2001/110/CE an Aontais maidir le Mil. Bhí amhras ann go raibh 46 % de na samplaí a ndearnadh anailís orthu neamh-chomhlíontach. Bhí an ráta amhrais i bhfad níos airde ná an plean comhordaithe um rialú a cuireadh i gcrích ar fud an Aontais in 2015-17, nuair nár chomhlíon 14 % de na samplaí a ndearnadh anailís orthu na critéir thagarmhairc a bhí leagtha síos chun barántúlacht na meala a mheasúnú.

Baineadh úsáid as sraith dhifriúil modhanna lenar bhain cumas braite níos fearr sa staidéar reatha, áfach, fachtóir a d'fhéadfadh bheith ina chúis leis an difríocht sin. Níor éirigh le hanailís ar chóimheas iseatóp carbóin sheasta ag EA-IRMS (modh AOAC 991.41), modh a úsáidtí go minic san am atá thart chun síoróipí siúcra a bhrath atá déanta de stáirse gráin bhuí, cána siúcra a bhrath a raibh amhras ann go ndearnadh truaillmheascadh uirthi. D'fhéadfaí a thabhairt le fios leis sin nach n-úsáidtear síoróipí siúcra atá déanta as stáirse gráin bhuí nó cána siúcra a thuilleadh chun mil a shíneadh agus gur cuireadh síoróipí atá déanta as rís, cruithneacht nó biatas siúcra, mar shampla, ina n-ionad go hiomlán nó i bpáirt.

Tá modhanna anailíseacha feabhsaithe, comhchuibhithe atá sainaitheanta go hidirnáisiúnta de dhíth fós chun cumas saotharlann oifigiúil rialaithe a mhéadú chun mil a bhrath atá truaillmheasctha le síoróipí siúcra saincheaptha a dhéanann aithris den chuid is mó ar phróifíl shaintréitheach siúcra na fíormheala.

### Cad a léirítear leis na torthaí ó chéim an imscrúdaithe?

Bhain imscrúduithe le tríocha-seacht n-oibreoir go dtí seo, agus smachtbhanna gearrtha ar sheacht n-oibreoir (go dtí seo) maidir le mil a thruaillmheascadh le siúcraí coimhthíocha.

Baineann faisnéis eile a bailíodh le linn ghníomhaíocht chomhordaithe AE – agus atá á himscrúdú faoi láthair – le húsáid agus meascadh meala agus síoróipí siúcra ar chríoch féin an Aontais, baint pailiní (táscaire tionscnaimh) nó brionnú doiciméad a théann le mil chun a tionscnamh iarbhír a cheilt.

### Cad iad príomhchonclúidí chéim an imscrúdaithe?

Rinne údaráis fhormhór na mBallstát imscrúdú agus úsáid á baint as teicnící oifigiúla saotharlainne a bhí ar fáil dóibh; tá na teicnící sin ceaptha go príomha um rialú ar fhoráil Threoir an Aontais maidir le Mil agus is eol nach mbíonn siad chomh héifeachtach ó thaobh truaillmheascadh sofaisticiúil meala a bhrath agus a chruthú má úsáidtear ina n-aonar iad. Ag an

am céanna fuarthas go raibh "imscrúduithe fóiréinseacha" (i.e. cigireacht ar an láthair, sampláil agus iniúchadh grinn ar dhoiciméid, ríomhairí agus taifid ghutháin agus iad úsáidte i dteannta a chéile) úsáideach chun calaoiseoirí a nochtadh.

Bunaithe ar a bhfuil thuas, d'fhéadfaí a bhaint de thátal as go bhfuil cuid den mhil arna hallmhairiú ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad agus a raibh amhras ar an JRC gur truaillmheascadh í fós ar mhargadh an Aontais agus gan í a bheith braite.

## Cén chaoi a ndéantar imscrúduithe OLAF?

Déanann aonad tiomnaithe in OLAF anailís ar an bhfaisnéis go léir a thagann isteach agus a d'fhéadfadh a bheith ábhartha don imscrúdú, chun a chinneadh cibé acu an bhfuil an fhaisnéis sin ina húdar le himscrúdú nó cás comhordaithe a oscailt.

Má dhéantar cás, déanann imscrúdaitheoirí OLAF iniúchadh ar na líomhaintí agus bailíonn siad an fhaisnéis a fhónann chun na fíorais a chruthú agus cuireann siad tuarascáil dheireanach shonrach le chéile. Chuige sin, bailíonn siad agus déanann siad anailís ar an bhfianaise dhoiciméadach agus na sonraí go léir atá ar fáil dóibh, agus ceistíonn siad finnéithe agus amhrastaigh fhéideartha. Féadtar seiceálacha ar an láthair a dhéanamh freisin.

Déanann OLAF imscrúduithe riaracháin. Déantar torthaí na n-imscrúduithe sin a tharchur chuig na húdaráis inniúla. D'fhéadfadh go leanfadh imeachtaí riaracháin, airgeadais, araíonachta nó breithiúnacha ó imscrúdú de chuid OLAF. Feidhmíonn OLAF a chuid dualgas le hionracas, neamhchlaontacht agus gairmiúlacht agus cearta agus saoirsí daoine aonair á n-urramú.

## Cén creat dlíthiúil a rialaíonn idirghabháil OLAF i nGníomhaíocht Chomhordaithe AE?

Osclaíodh imscrúdú OLAF ar bhonn Airteagal 3 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013 ('Rialachán OLAF').

Rinneadh an tseiceáil ar an láthair agus an éadáil fhóiréinseach dhigiteach a údarú le linn imscrúdaithe a osclaíodh faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013 agus a rinneadh faoi Airteagal 3 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013, i gcomhréir le hAirteagal 7, mír 2 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013, i gcomhréir le hAirteagal 3, mír 2 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013, agus Airteagal 6 agus 7 de Rialachán (Euratom, CE) Uimh 2185/96, de bhun tharmligean cumhachtaí ag Ard-Stiúrthóir OLAF faoi Airteagal 17(6) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh 883/2013.

## Cén chaoi a mbailíonn OLAF fianaise dhigiteach?

Tugann na speisialtóirí fianaise digití de chuid OLAF tacaíocht phraiticiúil i réimse na fóiréinsice digití (sainaithint, éadáil, íomháú, bailiú, anailís agus caomhnú na faisnéise digití). Is féidir tuilleadh eolais a fháil sa bhileog ar fhóiréinsic dhigiteach (. https://anti-fraud.ec.europa.eu/document/download/2a0a34af-1c33-4103-80c4-801612c3ae90_en?filename=digital_forensic_leaflet_en.pdf).

## Cérbh iad na torthaí ar imscrúdú OLAF?

D’oscail OLAF cás comhordaithe chun tacaíocht imscrúdaithe agus faisnéis a chur ar fáil. D’oibrigh OLAF i ndlúthpháirt leis na Ballstáit rannpháirteacha agus tíortha de chuid CSTE, le hArd-Stiúrthóireacht SANTE an Choimisiún Eorpaigh agus leis an JRC. Léiríodh leis na torthaí ar imscrúduithe fóiréinseacha, a bhí bunaithe ar chigireacht ar an láthair, ar shampláil agus ar iniúchadh grinn ar ríomhairí agus taifid ghutháin gur tharla claonpháirteachas idir an t-onnmhaireoir agus an t-allmhaireoir maidir le:

- úsáid síoróipí siúcra chun mil a thruaillmheascadh agus a praghas a ísliú;
- dul i muinín anailísí i saotharlanna creidiúnaithe go tráthrialta chun meascáin mheala/siúcra a oiriúnú ionas nach mbraithfidh cliaint agus údaráis oifigiúla é roimh oibríochtaí allmhairithe;
- úsáid breiseán agus dathúchán chun fíorfhoinse luibheolaíoch na meala a thruaillmheascadh;
- fíorthionscnamh geografach na meala a cheilt trí fhaisnéis faoi inrianaitheacht a bhrionnú.

## Cén gníomh a ghlacfaidh an Coimisiún chun a áirithiú nach ndéanfar mil a thruaillmheascadh le siúcra?

Is iad na hoibreoirí gnó bia atá freagrach go príomha as a áirithiú go gcomhlíontar reachtaíocht an Aontais i ndáil leis an agraibhia. Is iad na Ballstáit atá freagrach as calaois bhia a bhrath agus a chomhrac. Ní mór d’oibreoirí gnó bia (allmhaireoirí san áireamh) a oibríonn san earnáil meala ag gach céim den táirgeadh, den phróiseáil agus den dáileadh na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) a áirithiú maidir le bia a chuirtear ar mhargadh an Aontais go gcomhlíontar ceanglais Dhlí Bia an Aontais agus an Dlí Náisiúnta Bia, dlíthe atá ábhartha dá gcuid gníomhaíochtaí, agus a áirithiú go gcloíonn an mhil atá á trádáil acu le caighdeáin mhargaíochta an Aontais;
(b) a fhíorú go gcomhlíontar na ceanglais sin (príomhfhreagracht) agus
(c) nádúr, comhdhéanamh, tír thionscnaimh nó áit bhunaíochta a shainaithint i gceart don mhil atá á cur ar mhargadh an Aontais acu nó atá a honnmhairiú acu lasmuigh den Aontas.

Léiríonn torthaí na gníomhaíochta comhordaithe nach bhfuil a bpríomhfhreagracht á comhlíonadh acu ag roinnt oibreoirí gnó bia agus dá bhrí sin go gcuireann siad muinín an tomhaltóra i mbaol, go mbaineann siad an bonn de shlabhraí luacha bia, go gcruthaíonn siad iomaíocht éagórach do tháirgeoirí agus d’oibreoirí an Aontais agus go gcuireann siad inchreidteacht na gcóras rialaithe bia i mbaol. Iarrann an Coimisiún ar oibreoirí eacnamaíocha ceanglais dhlí an Aontais a chomhlíonadh agus iarratas a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí ceartaitheacha chun déileáil leis na drochthorthaí a thugtar faoi deara a dhéanann dochar do chlú na hearnáil meala.

Is iad na Ballstáit atá freagrach as calaois bhia a bhrath agus a chomhrac, go háirithe faoi fhorálacha an Rialacháin ar Rialú Oifigiúil. Cuireann sé sraith chuimsitheach uirlisí ar fáil, lena n-áirítear forálacha maidir le comhar i gcás sáruithe a théann thar theorainneacha agus tugann sé

ról don Choimisiún maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na mbeart sin a chomhordú agus a fhorfheidhmiú ar leibhéal an Aontais.

Is ann do mhodhanna anailíseacha oifigiúla chun barántúlacht meala a dhearbhú ach tá siad ag titim ar gcúl agus níl neart íogaire acu chun leibhéil ísle agus idirmheánacha de thruaillmheascadh siúcra a bhrath. Dá bhrí sin, tá leibhéal an truaillmheasctha le siúcraí coimhthíocha i mil á oiriúnú ag calaoiseoirí chun leas a bhaint as laige na gcumas anailíseach faoi láthair. Baineann na teorainneacha anailíse céanna le rialuithe teorann. Fuarthas go bhfuil na modhanna a úsáideann JRC faoi chuimsiú ghníomhaíocht chomhordaithe AE úsáideach chun údair amhrais faoi chalaois a shainaithint ach tá siad le comhchuibhiú agus le caighdeánú fós. Tá maoiniú cuí de dhíth le haghaidh cláir dá leithéid agus tá roinnt ama de dhíth chun é a chur i bhfeidhm go héifeachtach i saotharlanna oifigiúla rialaithe. D'iarr an Coimisiún ar Bhallstáit rialuithe náisiúnta margaidh agus teorann a mhéadú ach ní fhéadfaí an glao sin a uasmhéadú mura dtabharfaí aghaidh ar na teorainneacha thuasluaite.

### Cén chaoi a ndéanfaidh an Coimisiún teagmháil le húdaráis inniúla i dtríú tíortha?

Ó thaobh allmhairí, tá ceanglas barántúlachta curtha ag an gCoimisiún cheana leis an deimhniú a chuirtear in éineacht le mil allmhairithe (féach: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/36 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2022 lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/2235 a mhéid a bhaineann le deimhnithe caighdeánacha i dtaca le teacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'ainmhithe uisceacha beo áirithe agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch (IO L 8, 13.1.2022, lch. 36)).

Molfaidh an Coimisiún freisin rialuithe maidir le hallmhairí a threisiú ach, an tráth seo, i gcodarsnacht le go leor táirgí eile de bhunadh ainmhíoch, cuirtear bac ar an bhféidearthacht do na Ballstáit rialuithe ar chalaoiseoirí sainaitheanta atá ag oibriú i dtríú tíortha a threisiú mar gheall ar easpa oibleagáide na bunaíochtaí atá údaraithe i dtaobh mil a onnmhairiú chuig an Aontas a liostú. Ligfeadh le liostú den sórt sin cur i bhfeidhm fhorálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1873 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2019 maidir leis na nósanna imeachta ag poist rialaithe teorann chun go ndéanfaidh na húdaráis inniúla rialuithe oifigiúla treisithe ar tháirgí de bhunadh ainmhíoch, táirgí geirmeacha, seachtháirgí ainmhithe agus táirgí ilchodacha ar bhealach comhordaithe (IO L 289, 8.11.2019, lch. 50).

Sa deireadh, tá an Coimisiún ag iarraidh teagmháil a dhéanamh le húdaráis inniúla na dtíortha onnmhairiúcháin. Tabharfar fógra do na tíortha go léir lena mbaineann faoi na torthaí ar ghníomhaíocht chomhordaithe AE agus iarrfar orthu imscrúduithe a dhéanamh agus smachtbhanna a ghearradh go hiomchuí as calaois dhearbhaithe.